Ceacht 12:
"Caithfidh muid rud inteacht a dhéanamh fá dtaobh de"
Spotsolas ar Chanúint Uladh

Tuiscint & forbairt foclóra
Focail choitianta a bhaineann le Gaeilge Uladh

Feasacht teanga
Difríochtaí foclóra agus foghraíochta sna canúintí éagsúla

Scileanna cumarsáide
Aisteoireacht i nGaeilge Uladh & iarphlé faoi cheist na gcanúintí

Nóta: Tá an ceacht seo bunaithe ar fhíseán 12 den tsraith SnasTV Ros na Rún. D'fhéadfá na cleachtaí a dhéanamh i seomra ranga nó mar chuid den fhoghlaim neamhspleách, tar éis duit féachaint ar an bhfíseán.

A. Tuiscint & forbairt foclóra

1. An leagan Ultach den script a chaighdeánú

Féach ar script mhír an fhíseáin leis an duine in aice leat. Léigí amach an script le chéile. Anois, samhlaígí gur as áit éigin eile sa tír iad John Joe agus Noreen, agus déan iarracht na leaganacha Ultacha a bhfuil cló trom orthu thíos a chaighdeánú nó a scríobh i do chanúint féin. Léigí amach an leagan leasaithe den script.

John Joe:	**Caidé** a raibh tú **ag smaointiú** air ?
Noreen:	Bhuel ní raibh mé ag iarraidh daoine **ag déanamh** gur drochdhuine a bhí in Deirdre.
John Joe:	Ach tá rudaí déanta i bhfad níos measa agat!
Noreen:	**Caidé a bhfuil tú ag caint air**?
John Joe:	Tá. **Inseochaidh** mé duit! Tá Mack níos díograisí ná a bhí sé ariamh Deirdre a thabhairt 'na cúirte agus **thiocfadh** gur chun an phríosúin a chaithfí í.
Noreen:	**Ní fhanóidh** sí thart má shíleann sí go bhfuil **an chontúirt** sin ann.
John Joe:	Nach bhfuil a fhios agam!
Noreen:	Bhuel in ainm Dé, labhair leis!
John Joe:	Rinne mé mo dhícheall labhairt leis ach **ní éisteoidh** sé liom!
Noreen:	Caithfidh muid rud **inteacht** a dhéanamh **fá dtaobh de** seo.
John Joe:	Hi, caithfidh, ach **caidé**?
Noreen:	Tá fhios agamsa rud **inteacht** a **thig linn** a dhéanamh!

B. Feasacht teanga: focail choitianta Ultacha

1. Meaitseáil

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na focail choitianta as Gaeilge Uladh sa cholún clé thíos agus scríobhaigí na leaganacha caighdeánacha (nó leaganacha eile atá ar eolas agaibh, más cuí) sa dá cholún eile. Tá na leaganacha caighdeánacha sa bhosca ag bun an leathanaigh le cabhrú libh agus tá an chéad sampla déanta daoibh mar threoir.

Leagan Ultach	Leagan caighdeánach	Leaganacha eile (más cuí)
1. achan	gach	chuile (C), na haon (M)
2. amharc		
3. ar na mallaibh		
4. barraíocht		
5. caidé mar		
6. bomaite		
7. cad chuige?		
8. de dhíth		
9. druid		
10. fá choinne		
11. fá dtaobh de		
12. fosta		
13. gasta		
14. girseach		
15. goitse		
16. inteacht		
17. iontach		
18. i dtólamh		
19. stócach		
20. thig le		

Leaganacha caighdeánacha

dún	~~gach~~	an-	i gcónaí	le haghaidh
tar anseo	éigin	ag teastáil	tapa	an iomarca
cén fáth?	cailín	buachaill	féach	faoi
is féidir le	freisin	conas	le déanaí	nóiméad

© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD

2. Ó chaighdeán go canúint

Bí ag obair leis an duine in aice leat go fóill agus féachaigí ar na giotaí thíos as scripteanna Ros na Rún. Tá focail agus frásaí caighdeánacha in úsáid sna scripteanna ach beidh canúint Uladh ag na haisteoirí. Athscríobhaigí na scripteanna beaga anois, ach le leaganacha Ultacha de na frásaí sin atá i gcló trom, chun iad a chur in oiriúint do na haisteoirí. Bain úsáid as na focail a d'fhoghlaim sibh sa cheacht seo.

Comhrá (a)

Dee:	Maidin mhaith.
Noreen:	Suigh fút, a Mhack. Beidh seo réidh i gceann **nóiméid**. **Conas a chodail** Bláithín, a Dheirdre?
Dee:	**An-mhaith**.
Noreen:	Is maith sin.

Comhrá (b)

Noreen:	Agus tá a fhios agat féin an méid a athraíonn siad ag an aois sin.
John Joe:	Ach **cad is féidir linn** a dhéanamh nuair nach bhfuil teagmháil ar bith againn le Deirdre? Tá ár gcuid lámha ceangailte.
Noreen:	Em….
John Joe:	**Cad**?

Comhrá (c)

John Joe:	Tá a fhios agam nach athair na bliana ar bith a bhí ionam agus iad beag. Ach rinne mé mo dhícheall ó shin. Rinne mé sin.
Noreen:	Rinne tú agus níos mó ná do dhícheall. Thug tú **gach** tacaíocht do Dheirdre **i gcónaí**, John Joe. Is athair maith thú.
John Joe:	**Cén fáth** ar mhothaigh sí nach raibh dóchas ar bith aici mar sin?
Noreen:	Ní ort atá an locht. Ní ort.

3. An fhoghraíocht sna canúintí

Téigh go dtí an suíomh www.teanglann.ie/ga/fuaim agus éist leis na focail thíos sna trí chanúint. Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus pléigí na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir na canúintí éagsúla, ó thaobh na foghraíochta de:

(a)	na gutaí fada sna focail seo:	t**á**, sl**á**n, f**ó**d, d**é**anamh
(b)	an d agus t caol sna focail seo:	**t**e, **t**eagmháil, mai**d**in, méi**d**
(c)	an n sna focail seo:	m**n**á, c**n**oc, g**n**áth
(d)	'(a)igh' agus '(e)ach' ag deireadh na bhfocal seo:	moth**aigh**, n**ach**, a**ch**
(e)	na litreacha 'ogh', 'odh' agus 'ámh', sna focail seo:	r**ogh**a, b**odh**rán, l**ámh**
(f)	an áit a gcuirtear an bhéim sna focail seo:	fuinneog, cailín, galánta, gasúr

© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD

C. Cumarsáid: Abair amach é!

1. Bígí ag aisteoireacht

Anois, samhlaígí gur sibhse na daoine i ngach comhrá thuas agus gur as Dún na nGall sibh. Abraigí amach na comhráite os ard le chéile agus blas breá Ultach oraibh!

2. Iarphlé ar cheist na gcanúintí

(a) Cad é an difríocht idir canúint agus blas cainte?

(b) An bhfuil canúint faoi leith agat féin nó blas faoi leith ar do chuid Gaeilge?

(c) An bhfuil aon chanúint faoi leith nach bhfuil mórán cur amach agat uirthi nó deacrachtaí agat í a thuiscint? Conas a d'fhéadfá cur leis an eolas atá agat ar an gcanúint sin?

(d) An dóigh leat gur cheart d'fhoghlaimeoirí Gaeilge díriú ar chanúint amháin ina gcuid cainte agus scríbhneoireachta? Cén fáth? An bhfuil an tuairim chéanna agat i gcás an Bhéarla nó i gcás teangacha eile?

Treoracha agus freagraí samplacha ar na cleachtaí:
A. Tuiscint & forbairt foclóra

1. An leagan Ultach den script a chaighdeánú

John Joe: **Cad é** a raibh tú **ag smaoineamh** air?/ **Cad air** a raibh tú ag smaoineamh?
Noreen: Bhuel ní raibh mé ag iarraidh (go mbeadh) daoine **ag ceapadh / go gceapfadh daoine** gur drochdhuine a bhí in Deirdre.
John Joe: Ach tá rudaí déanta i bhfad níos measa agat!
Noreen: **Cad faoi** a bhfuil tú ag caint?
John Joe: **Inseoidh** mé duit! Tá Mack níos díograisí ná (mar) a bhí sé riamh Deirdre a thabhairt **chun na** cúirte agus **d'fhéadfadh gur** chun an phríosúin a chaithfí í.
Noreen: **Ní fhanfaidh** sí thart má shíleann sí go bhfuil **an baol** sin ann.
John Joe: Nach bhfuil a fhios agam!
Noreen: Bhuel in ainm Dé, labhair leis!
John Joe: Rinne mé mo dhícheall labhairt leis ach **ní éistfidh** sé liom!
Noreen: Caithfidh muid rud **éigin** a dhéanamh **faoi** seo.
John Joe: Hi, caithfidh, ach **cad**?
Noreen: Tá a fhios agamsa rud **éigin is féidir linn** a dhéanamh!

B. Feasacht teanga: focail choitianta Ultacha

1. Meaitseáil

Leagan Ultach	Leagan caighdeánach	Leaganacha eile (más cuí)
1. achan	gach	chuile (C), na haon (M)
2. amharc	féach	breathnaigh
3. ar na mallaibh	le déanaí	le deireanas, le gairid
4. barraíocht	an iomarca	
5. caidé mar	conas	cén chaoi (C)
6. bomaite	nóiméad	neomat (M)
7. cad chuige?	cén fáth?	tuige? (M)
8. de dhíth	ag teastáil	de dhíobháil
9. druid	dún	
10. fá choinne	le haghaidh	i gcomhair
11. fá dtaobh de	faoi	fé (M)
12. fosta	freisin	chomh maith, leis (M)
13. gasta	tapa	sciobtha (C)
14. girseach	cailín	gearrchaile
15. goitse	tar anseo	gabh i leith (C)
16. inteacht	éigin	éigint (M), éicint (C)
17. iontach	an-	ana- (M)
18. i dtólamh	i gcónaí	seasta (C)
19. stócach	buachaill	garsún (M), gasúr (C/ U)
20. thig le	is féidir le	féadann (M)

© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD

2. Ó chaighdeán go canúint

Comhrá (a)

Dee:	Maidin mhaith.
Noreen:	Suigh fút, a Mhack. Beidh seo réidh i gceann **bomaite**. **Cad é mar a chodlaigh** Bláithín, a Dheirdre?
Dee:	**Iontach maith**.
Noreen:	Is maith sin.

Comhrá (b)

Noreen:	Agus tá a fhios agat féin an méid a athraíonn siad ag an aois sin.
John Joe:	Ach **caidé a thig linn** a dhéanamh nuair nach bhfuil teagmháil ar bith againn le Deirdre? Tá ár gcuid lámha ceangailte.
Noreen:	Em….
John Joe:	**Caidé**?

Comhrá (c)

John Joe:	Tá a fhios agam nach athair na bliana ar bith a bhí ionam agus iad beag. Ach rinne mé mo dhícheall ó shin. Rinne mé sin.
Noreen:	Rinne tú agus níos mó ná do dhícheall. Thug tú **achan** tacaíocht do Dheirdre **i dtólamh**, John Joe. Is athair maith thú.
John Joe:	**Cad chuige** ar mhothaigh sí nach raibh dóchas ar bith aici mar sin?
Noreen:	Ní ort atá an locht. Ní ort.

3. An fhoghraíocht sna canúintí

(a) Ní bhíonn na gutaí fada sna focail 'tá', 'slán', 'fód', 'déan' chomh fada céanna i nGaeilge Uladh agus a bhíonn sa dá chanúint eile.

(b) Bíonn fuaimniú faoi leith ag baint leis an d agus t caol sna canúintí éagsúla. I nGaeilge Uladh, bíonn an t agus d caol beagáinín cosúil le 'ch' agus 'j' an Bhéarla.

(c) I gcanúint Uladh agus i gcanúint Chonnacht fuaimnítear an 'n' mar 'r' tar éis m, c agus g.

(d) I gcanúint na Mumhan, cloistear an 'g' ag deireadh 'mothaigh**',** ach ní fhuaimnítear sin i nGaeilge Uladh ná i nGaeilge Chonnacht. Is ar éigean a fhuaimnítear 'ch' ag deireadh focail i nGaeilge Uladh. Bíonn an 'ch' sin i bhfad níos láidre sa dá chanúint eile.

(e) Bíonn an défhoghar /au/ le cloisteáil sna focail 'rogha' agus 'bodhar' i nGaeilge Chonnacht agus i nGaeilge na Mumhan, ach i nGaeilge Uladh, is ionann an fuaimniú atá ag 'rogha' agus 'ré', agus fuaimnítear 'odh' ar nós 'ó'. Bíonn an défhoghar /au/ i gceist san fhocal 'lámh' i nGaeilge Uladh, áfach, agus ní chloistear an 'mh' ag deireadh an fhocail, murab ionann agus an dá chanúint eile.

(f) I gcanúint Uladh agus i gcanúint Chonnacht, cuirtear an bhéim ar an gcéad siolla den fhocal de ghnáth. I gcanúint na Mumhan, má bhíonn guta fada ag deireadh an fhocail, cuirtear an bhéim ar an siolla sin.

C. Cumarsáid: Abair amach é!

1. **Bígí ag aisteoireacht:** Tabhair deis dóibh na comhráite a rá amach os ard agus iarr orthu aithris a dhéanamh ar chanúint Uladh.
2. **Iarphlé ar che**
3. **ist na gcanúintí:** Tuairimíocht agus plé atá i gceist anseo.

Ceacht 12: Script an fhíseáin
"Caithfidh muid rud inteacht a dhéanamh fá dtaobh de"
Spotsolas ar Chanúint Uladh

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún. Ceacht 12: Caithfidh muid rud inteacht a dhéanamh fá dtaobh de seo! – Spotsolas ar chanúint Uladh.

Intreoir:
Is minic a bhíonn foghlaimeoirí Gaeilge ag rá go bhfuil sé deacair Gaeilge Uladh a thuiscint agus sa cheacht seo tá muid chun rud inteacht a dhéanamh fá dtaobh de sin. *We're going to do something about that!*

Amharcfaidh muid ar mhír bheag ina bhfuil John Joe agus Nóirín ag cur agus ag cúiteamh faoi Mack. Tá sé ag iarraidh a iarbhean, Deirdre, a thabhairt chun na cúirte agus síleann JJ agus Nóirín gur drochsmaoineamh atá ann. Caithfidh siad rud inteacht a dhéanamh fá dtaobh de. Cloisfidh sibh go leor frásaí agus focal sa mhír a bhaineann go dlúth le Gaeilge Uladh. Amharc ar an mhír ar dtús agus déan iarracht na focail sin a aithint. Ná bígí buartha mura dtuigeann sibh gach rud. Rachaidh muid fríd céim ar chéim ar ball beag.

An mhír ó Ros na Rún:

John Joe: Caidé a raibh tú ag smaointiú air?
Noreen: Bhuel ní raibh mé ag iarraidh daoine ag déanamh gur drochdhuine a bhí in Deirdre.
John Joe: Ach tá rudaí déanta i bhfad níos measa agat!
Noreen: Caidé a bhfuil tú ag caint air?
John Joe: Tá. Inseoidh mé duit! Tá Mack níos díograisí ná a bhí sé ariamh Deirdre a thabhairt 'na cúirte agus thiocfadh gur chun an phríosúin a chaithfí í.
Noreen: Ní fhanfaidh sí thart má shíleann sí go bhfuil an chontúirt sin ann.
John Joe: Nach bhfuil a fhios agam!
Noreen: Bhuel in ainm Dé, labhair leis!
John Joe: Rinne mé mo dhícheall labhairt leis ach ní éisteoidh sé liom!
Noreen: Caithfidh muid rud inteacht a dhéanamh fá dtaobh de seo.
John Joe: Hi, caithfidh, ach caidé?
Noreen: Tá fhios agamsa rud inteacht a thig linn a dhéanamh!

Ar thuig tú?
Caidé a raibh tú ag smaoitiú air ? *What were you thinking of*, a deir John Joe. Caidé – sin 'cad é' agus is ionann 'ag smaointiú' agus 'ag smaoineamh' nó 'ag cuimhneamh'.

Ní raibh Nóirín ag iarraidh go mbeadh daoine ag déanamh nó ag ceapadh gur drochdhuine a bhí in Deirdre. Ciallaíonn 'ag déanamh' *doing,* ar ndóigh, ach i nGaeilge Uladh, is ionann 'tá mé ag déanamh go ...' agus 'tá mé ag ceapadh' nó 'ceapaim. *I think.*

Ní thuigeann Nóirín cén dochar atá déanta aici, ach tá John Joe dhul a inseacht díthe.

Tá Mack níos díograisí ná a bhí sé ariamh, *Mack is more determined than ever*, Deirdre a thabhairt ‘na cúirte, *to take Deirdre to court.*

Agus thiocfadh léi dul chun an phríosúin Thiocfadh léi, d’fhéadfadh sí, *she could.*

Ní fhanachaidh sí thart má shíleann sí go bhfuil an chontúirt sin ann. *She won’t stick around*, a deir Nóirín, *if she thinks there’s a danger of that*.

In ainm Dé*, for the love of God*, a deir Nóirín, labhair leis! Ach tá a dhícheall déanta ag John Joe cheana féin agus ní éisteochaidh sé leis!
Caithfidh muid rud inteacht a dhéanamh fá dtaobh de seo, dar le Nóirín. rud inteacht – sin rud éigin nó rud éicint. Agus fá dtaobh de – sin bealach iontach fadálach le ‘faoi’ a rá i nGaeilge Uladh. Bíonn daoine ag déanamh go bhfuil an ‘fá dtaobh de’ seo iontach greannmhar ar fad. Tugann Tadhg i Ros na Rún fiú ‘na fadudas’ ar mhuintir Dhún na nGall. Ach cibé ar bith.

Buíochas le Dia, tá plean ag Nóirín. Tá a fhios agamsa rud inteacht a thig linn a dhéanamh!, rud éigin is féidir linn a dhéanamh.

Ar thug tú faoi deara?
Tabhair faoi deara an bealach a bhfuaimnítear na briathra ‘fan’ agus ‘éist’ san aimsir fháistineach. Baineann na briathra sin leis an chéad réimniú sa chaighdeán oifigiúil, ach is minic a chaitear leo mar bhriathra dara réimniú sa Ghaeilge bheo. *Ní fhanóidh* agus *ní éisteoidh* a deirtear go minic, mar sin, seachas *ní fhanfaidh* agus *ní éistfidh*. Bíonn cor beag eile sa scéal i nGaeilge Uladh, áit a mbíonn fuaimniú faoi leith ag baint le deireadh an bhriathair san aimsir fháistineach. *Ní cheannóchaidh* agus *ní athróchaidh* a deirtear seachas ní cheannóidh agus ní athróidh. *Ní fhanachaidh* agus *ní éisteochaidh* a deirtear anseo mar sin!

Anois, amharc arís ar an mhír uilig le dul siar ar achan rud, gach rud, atá foghlamtha agat. Níl sé chomh doiligh, nó chomh deacair agus a shíl tú! Má tá spéis agat tuilleadh a fhoghlaim fá dtaobh de Ghaeilge Uladh, thig leat amharc ar na bileoga ar snas.ie.

 © LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD